

# Tacaí Athmhachnaimh don OSPS



Oide

## 3-2-1

3 rud a d'fhoghlaim tú  
2 dhá a bhí suimiúil  
1 cheist atá agat

## Achoimrí A-B-C

Tugtar litir ar leith den aibítir do gach scoláire sa rang, agus is gá dóibh focal a roghnú a bhfuil an litir sin mar thús aige agus a bhaineann leis an topaic atá á plé.

## Athmhachnamh i gCiorcal

Téann na scoláirí isteach i gCiorcal sa seomra agus comhroinneann gach duine aon léargas nó rud a d'fhoghlaim siad ón cheacht.

## NNC

**Naisc:** Cad é mar a bhaineann an ceacht le réamheolas, le hábhar eile nó leis an saol mar atá?

**Foghlaim nua:** Rud éigin nua a d'fhoghlaim nó a thuig siad níos fearr.

**Ceisteanna:** Cad é an rud a bhfuil siad go fóill in amhras faoi nó ba mhaith leo tuilleadh a fhoghlaim faoi?

## Ticéad Imeachta

Freagraíonn na scoláirí do leid amhail “Rud amháin a d'fhoghlaim mé inniu ná...” nó “Ceist amháin atá agam go fóill ná...” agus cuireann siad é ar an mballa nó i mbosca agus iad ag imeacht ón seomra.

## Scáthán, Micreascóp agus Déshúiligh

Sraith ceisteanna atá sa ghníomhaíocht seo a chuidíonn le scoláirí amharc orthu féin (scáthán), an t-eispéireas (micreascóp), agus an mórfhictiúr (na déshúiligh). Is féidir na ceisteanna a phlé ós ard nó scríofa ar dtús go bpléitear iad ina dhiaidh sin.

## An Modh CALC

Is creatlach struchtúrtha é sin don fhoghlaim ó thaithí a threoraíonn scoláirí trí phróiseas ceithre chéime: Cuspóireach, Athmhachnamhach, Léirmhínteach agus Cinniúnach.

Cuirtear tús leis trí fhírí a bhailiú (**Cuspóireach**), leantar ar aghaidh chuig mothúcháin phearsanta agus freagairtí (**Athmhachnamhach**), ansin cruthaítear ciall agus tuiscint níos doimhne (**Léirmhínteach**), agus sa deireadh leantar ar aghaidh chuid plean gnímh (**Cinniúnach**).

## Freagairt ar Chás

Scríobhann nó labhraíonn scoláirí faoin dóigh a mbainfeadh siad úsáid as foghlaim an lae inniu san fhórsaol.

## Moilligh agus Malartaigh

Ag deireadh an ranga, iarr ar na scoláirí cúig rud a d'fhoghlaim siad a scríobh síos (2 nóiméad). Ansin, iarr orthu páirtí a aimsiú sa seomra. Tosaíonn scoláire amháin ar dhá nóiméad cainte maidir lena d'fhoghlaim siad sa cheacht. Agus an dá nóiméad istigh, scairt amach MOILLIGH/MALARTAIGH.

Anois bíonn an scoláire eile ag caint ar feadh dhá nóiméad ach gan cead acu aon rud a dúirt an chéad scoláire a athrá.

## Scéalchlár

Ag deireadh an cheachta, iarr ar scoláirí léiriú físiúil maidir leis an mhéid a bhí ar eolas acu faoin topaic roimh ré nó faoi cheist riachtanach a chruthú. Ní mór dóibh daoine cipíneacha, pictiúir, siombailí nó amharciómhánna eile a úsáid chun boscaí an scéalchláir a líonadh agus iad a eagrú in ord atá loighciúil agus oiriúnach.

## Foinsí Abairtí

Cuidíonn Foinsí Abairtí le scoláirí maidir le hathmhachnamh.

Feidhmíonn siad mar thús abairte do na scoláirí.

Tugtar foinsí abairtí do na scoláirí ag tús an ranga. Scríobhann na scoláirí iad agus coinníonn siad iad go deireadh an ranga.

Sampla: “Inniu, tá súil agam...”

nó “Tá mé iontach imníoch faoi...”

Is féidir le scoláirí dul ar ais chuig na foinsí ag deireadh an ranga chun iad a fhorbairt a thuilleadh.

## Cas chun Caint

Míníonn scoláirí na príomhrudaí a d'fhoghlaim siad sa cheacht do pháirtí ina bhfocail féin.

## Córas Soilse Tráchtá

**Glas:** Anois motháim níos muiníní faoi...

**Buí:** Tá tuilleadh eolais de dhíth orm maidir le...

**Dearg:** Níl mé cinnte faoi...

## Líne Luachála

Déanann scoláirí luacháil ar cé chomh láidir is a aontaíonn siad le ráiteas a bhaineann leis an gceacht agus déanann siad machnamh gairid ar an rogha.

## Cad é?

**Agus cad é...?**

**Cad é anois?**

Éascaíonn an próiseas seo anailís chriticiúil de chás nó d'eispéireas ar leith. Tugann sé seans don scoláire tuiscint a bheith acu agus na céimeanna tosaigh a ghlacadh chun plean gnímh a fhorbairt chun tabhairt faoin fhadhb.